2024/2771

30.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2771 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/1693 ([1]).

(2) An 10 Meitheamh 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2734 (2024). D'athdhearbhaigh CSNA go n-áirítear an méid seo a leanas ar ghníomhartha nó gníomhaíochtaí lena léirítear go bhfuil duine aonair, grúpa, gnóthas nó eintiteas bainteach le ISIL (Da'esh) nó Al-Qaeda, ar ghníomhartha nó gníomhaíochtaí iad arna ndéanamh ag, i gcomhar le, faoi ainm, thar ceann, nó chun tacú le Al-Qaeda, ISIL nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh: a bheith rannpháirteach i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí; airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a dhíol nó a aistriú; earcú le haghaidh gníomhartha nó gníomhaíochtaí Al-Qaeda, ISIL, nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthaigh díobh, nó tacaíocht a thabhairt do na gníomhartha nó na gníomhaíochtaí sin ar bhealach eile. Aithníodh leis freisin go bhféadfadh pleanáil, stiúradh nó déanamh gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú, sclábhaíocht daoine, agus cásanna fuadaigh agus gáinneála ar dhaoine a bheith incháilithe lena n-ainmniú ar liosta smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda ar bhonn na gcritéar maidir le liostú sin, nuair a úsáideann ISIL, Al-Qaeda agus daoine aonair, grúpaí agus eintitis ghaolmhara na gníomhaíochtaí sin mar oirbheart sceimhlitheoireachta.

(3) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus ó dhaoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo, measann an Chomhairle gur gá a shoiléiriú go gcuimsítear freisin leis na critéir maidir le bearta sriantacha a bheith á bhforchur ag CSNA, de bhun Rúin 1267 (1999), 1333 (2000) agus 2253 (2015), nó ag an gCoiste arna bhunú de bhun Rún 1267 (1999), pleanáil, stiúradh, nó déanamh gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe lena n-áirítear éigniú, sclábhaíocht daoine, agus cásanna fuadaigh agus gáinneála ar dhaoine, nuair a úsáideann ISIL (Da'esh), Al-Qaeda agus daoine aonair, grúpaí agus eintitis ghaolmhara na gníomhartha sin mar oirbheart sceimhlitheoireachta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/1693 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i gcás daoine ainmnithe atá faoi réir srianta taistil arna bhforchur ag CSNA de bhun Rúin 1267 (1999), 1333 (2000) agus 2253 (2015) ó CSNA, nó ag an gCoiste, a shainaithnítear go bhfuil ceann de na nithe seo a leanas á dhéanamh acu:

(a) a bheith rannpháirteach i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag, i gcomhar le, faoi ainm, thar ceann, nó chun tacú le Al-Qaeda, ISIL, nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh;

(b) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a dhíol nó a aistriú chuig Al-Qaeda, ISIL, nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh;

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25).

(c) earcú le haghaidh gníomhartha nó gníomhaíochtaí Al-Qaeda, ISIL (Da'esh), nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh, nó tacaíocht a thabhairt do na gníomhartha nó na gníomhaíochtaí sin ar bhealach eile;

(d) a bheith rannpháirteach i ngníomhartha nó i ngníomhaíochtaí faoi chritéir (a), (b) nó (c), lena n-áirítear gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh, lena n-áirítear éigniú, sclábhaíocht daoine, agus cásanna fuadaigh agus gáinneála ar dhaoine, nuair a úsáideann ISIL, Al-Qaeda agus daoine aonair, grúpaí agus eintitis ghaolmhara na gníomhartha sin mar oirbheart sceimhlitheoireachta; nó

(e) a bheith faoi rialú go díreach nó go hindíreach ag, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do, aon duine aonair, grúpa, gnóthas nó eintiteas a bhfuil baint aige le Al-Qaeda nó ISIL (Da'esh), a áirítear ar an liosta smachtbhannaí in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda.'

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'Na cistí, na sócmhainní airgeadais agus na hacmhainní eacnamaíocha eile go léir atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, ag daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis arna n-ainmniú agus atá faoi réir reo sócmhainní ag CSNA de bhun Rúin 1267 (1999), 1333 (2000) agus 2253 (2015) ó CSNA, nó ag an gCoiste, a shainaithnítear go bhfuil ceann de na nithe a leanas á dhéanamh acu:

(a) a bheith rannpháirteach i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag, i gcomhar le, faoi ainm, thar ceann, nó chun tacú le Al-Qaeda, ISIL (Da'esh), nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh;

(b) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a dhíol nó a aistriú chuig Al-Qaeda, ISIL (Da'esh), nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh sin;

(c) earcú le haghaidh gníomhartha nó gníomhaíochtaí Al-Qaeda, ISIL (Da'esh), nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa nó díorthach díobh sin, nó tacaíocht a thabhairt do na gníomhartha nó na gníomhaíochtaí sin ar bhealach eile;

(d) a bheith rannpháirteach i ngníomhartha nó i ngníomhaíochtaí faoi chritéir (a), (b) nó (c), lena n-áirítear gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh, lena n-áirítear éigniú, sclábhaíocht daoine, agus cásanna fuadaigh agus gáinneála ar dhaoine, nuair a úsáideann ISIL, Al-Qaeda agus daoine aonair, grúpaí agus eintitis ghaolmhara na gníomhartha sin mar oirbheart sceimhlitheoireachta; nó

(e) a bheith faoi úinéireacht nó faoi rialú go díreach nó go hindíreach ag, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do, aon duine aonair, grúpa, gnóthas nó eintiteas a bhfuil baint aige le Al-Qaeda nó ISIL (Da'esh) a áirítear ar an liosta smachtbhannaí in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, nó ag tríú páirtí agus é ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir;

déanfar iad a reo.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.